# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SIOLLABAS DON TEASTAS SÓISEARACH

# EOLAS IMSHAOIL AGUS DAONEOLAS

## 1. Réamhra

### 1.1 Cad é Eolas Imshaoil agus Daoneolas?

Siollabas dalta-lárnach é Eolas Imshaoil agus Daoneolas (EID) ina ndéantar an Stair, an Tíreolaíocht agus Saoránacht a staidéar go téamúil. Trí ghnéithe sóisialta agus imshaoil a staidéar go sistéimeach, beidh na daoine óga ábalta machnamh ar an domhan ina bhfuil cónaí orthu. Déanfar forbairt freisin ar na scileanna agus ar na hábaltachtaí a bheidh ag teastáil uathu chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa sochaí.

### 1.2 Cúlra Eolas Imshaoil agus Daoneolas

Tá fréamhacha an tsiollabais seo i gCuraclam Eigse Chathair Bhaile Atha Cliath agus i gClár Sóisialta agus Imshaoil na Sionna (SESP) agus bhí an-tionnchar acusan air. Ina fhráma téamach, tá gnéithe de shiollabas na Staire, na Tíreolaíochta agus na Saoránachta sa Teastas Sóisearach.

### 1.3 Cén fáth Eolas Imshaoil agus Daoneolas?

Cúrsa ildánach le modheolaíocht iomlánaithe é EID. Usáidtear téamaí chun comhthéacs a sholáthar ina bhféadfar eolas ar Stair, ar Thíreolaíocht agus ar Shaoránacht a chur i bhfeidhm agus is trí na téamaí seo a chuirfear obair staraithe, tíreolaithe, seandálaithe, cartagrafaithe, meitéareolaithe, éiceolaithe agus pleanálaithe i láthair na ndaoine óga.

Tá EID bunaithe ar an tuiscint:

- gur féidir le téamaí a bhfuil baint dhíreach acu le saol na scoláirí fonnadhaint a fheabhsú;
- gur féidir leis an bpeirpeictíocht ilfócasach a bhíonn ag an gcur chuige téamúil ligint do choincheapanna ó na réimsí éagsúla idirghníomhú ar mhaith lena chéile;
- gur féidir gach coincheap a scrúdú in am agus i spás trín Stair agus an Tíreolaíocht a chomhordú;
- nach mór cur chuige iomlánaithe chun ceisteanna domhanda a phlé mar nach mór go leor ábhar a phlé in éineacht chun iad a thuiscint;
- gur féidir prionsabail chomhtháthaithe na Bunscoile a leanacht sa dara leibhéal agus é a úsáid mar bhonnchloch do staidéir éagsúla;
- go gcuireann comhtháthú na n-ábhar éagsúla ar chumas múinteoirí oibriú go tairbheach lena chéile;
- gur féidir staidéar ildánach, bunaithe ar chúpla ábhar a úsáid mar bhonn chun ceangailtí idir réimsí eile den churaclam a fhorbairt;
- gur féidir na scileanna faoi leith atá sna hábhair chomhtháite a mhúineadh ar bhonn fadhbréitigh ionas go dtuigfidh scoiláire go soiléir a bhfeidhm.

1.4 Tá Eolas Imshaoil agus Daoneolas dalta-lárnach

Sin le rá

- o go ligeann an cur chuige téamúil dúinn an ceantar áitiúil a úsáid mar thús le staidéar coincheapanna náisiúnta agus domhanda;
- o go nglactar le taithí an déagóra mar thúsphointe cuí, éifeachtach;
- o gur féidir coincheapanna a athphlé i gcomhthéacsanna éagsúla toisc an cur chuige bíseach a úsáidear i ndearadh an tsiollabais;
- o go bhfuil an clár deartha go speisialta chun freastal ar réimse ábaltachtaí.

2. Aidhmeanna

2.1 Chun tuiscint ar an duine féin, mar bhall de phobal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach a fhorbairt, maraon le tuiscint ar idirspleáchas gach duine.

2.2 Meas a chothú ar an timpeallacht áitiúil, náisiúnta, agus domhanda.

2.3 Tuiscint a fhorbairt ar na príomhthosca, na príomhimeachtaí agus na príomhdhaoine a chuaigh i bhfeidhm, agus atá fós ag dul i bhfeidhm, ar an domhan ina mairimid.

2.4 Aitheantas a fhorbairt ar na deiseanna agus na bacanna éagsúla a bhíonn ag daoine a mhaireann in áiteanna éagsúla, ag amanna éagsúla faoi choinníollacha fisiciúla agus daonna difriúla.

2.5 Smaointe neamhspléacha a chothú trí ghníomhaíochtí éagsúla agus trí fhoghlaim ghníomhach agus trí mheáin éagsúla a úsáid chun an méid atá foghlamtha a chur i láthair.

3. Cuspóirí

3.1 Eolas

**Ba cheart go mbeadh eolas agus tuiscint ag scoláirí ar chlár an tsiollabais mar atá curtha síos ins na suímh éagsúla i Ranna 1, 2 agus 3.** Trína gcuid staidéir ar thopaicí éagsúla, ba cheart go mbeadh eolas agus tuiscint ghinearálta ag daltaí:

- ar a ngarthimpeallacht fhisiciúil agus shóisialta;
- ar riachtanais dhaonna, slite maireachtála agus grúpáil shóisialta éagsúla;
- ar cheisteanna a bhaineann le hacmhainní nádúrtha an domhain agus le caomhnú;

- ar ghréasáin agus ar shamplaí de lonnaíocht dhaonna, san am a caitheadh agus faoi láthair, faoin tuath agus sa bhaile mór;
- ar chúiseanna agus ar réiteach coimhlintí;
- ar cheisteanna sóisialta, cultúrtha, imshaoil agus eacnamaíochta reatha.

3.2 <u>Coincheapanna</u>

Ba cheart go dtiocfadh forbairt ar thuiscint na scoláirí orthu féin, mar dhaoine, ar a ngaol le daoine eile agus ar a n-idirghníomhú leis an timpeallacht. Ní mór mar sin forbairt a dhéanamh ar choincheapanna cosúil le:

- aitheantas
- bunriachtanais dhaonna/idirspleáchas
- chomhcheangal achair agus gréasáin
- athrú/leanúnachas
- dáileadh spásúil agus suímh
- cúis/toradh
- cumhacht/réiteach
- cultúr agus sibhialtacht.

3.3 <u>Scileanna</u>

3.3.1 <u>Usáid Foinsí Eolais</u>

Ba cheart go ndéanfaí forbairt i scoláirí ar chumas eolas a úsáid agus a mheas go criticiúil ó réimse éagsúil foinsí - iad seo a leanas ina measc (níl siad seo in ord tábhachta):

- breathnú pearsanta (obair pháirce freisin);
- foinsí - scríofa agus téacsúil (príomha agus tánaisteach);
- léarscáileanna (atlas, suirbhéireacht ordnáis, scála beag, stairiúil);
- grianghrafanna (stairiúil agus tíreolaíoch);
- fíoracha (graif, cairteanna, samhlacha, 7rl.);
- líníochtaí (léaráidí, cartúin, 7rl.);
- staitisticí;

- teilifís, scannán, videó, raidió, nuachtáin, irisí;

- eolas béaloidis;

- bonnachair sonraí.

3.3.2 Bainistíocht Eolais

Ba cheart go mbainfeadh scoláirí úsáid as an eolas a fuair siad mar sin ar shlite éagsúla, ina measc:

- taifead/tráchtaireacht/cóimheas;

- foghlaim de ghlanmheabhair;

- rangú (cosúlachtaí le chéile);

- achoimriú;

- eagar (cur in ord i.e. go croineolaíoch, go loighiciúil, 7rl.);

- míniú/measúnú (pátrúin agus treoíochtaí a aithint, tuairim a aithint thar fhíric);

- sintéisiú (eolas a úsáid chun ceisteanna a fhreagairt, ginearálú, tuairimí a ghlacadh, conclúidí a tharraingt, 7rl.);

- cur i láthair (meáin éagsúla a úsáid, ina measc teanga labhartha agus scríofa, chun eolas a roinnt go beacht agus go soiléir).

3.3.3 Sóisialta agus Pearsanta

Ba cheart do scoláirí na scileanna pearsanta agus sóisialta seo a fhorbairt:

- féinchur i láthair - go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta;

- idirghníomhú i ngrúpaí beaga agus i ngrúpaí níos mó:

- scileanna an phróisis foghlama:

  fiafrú ceisteanna;
  tuiscint treorach;
  socrú spriocanna réalaíocha;
  eagrú ama;

- cumarsáid - teanga a úsáid go soiléir agus go beacht chun iad féin a chur in iúl agus chun eolas a thabhairt do dhaoine eile agus éisteacht go tuisceanach agus go haireach;

- glacadh cinntí agus forbairt tuairimí;
- treallús;
- saoránacht ghníomhach.

3.4 Dearcaí

Ba cheart go bhforbródh scoláirí:

- tuiscint dhearfach orthu féin;
- aitheantas do dhearcaí difriúla dhaoine ar cheisteanna agus ar imeachtaí;
- deathoil chun dearcaí éagsúla ar aon cheist a mheas;
- meas ar a dtimpeallacht nádúrtha, a dtimpeallacht thógtha agus a dtimpeallacht chultúrtha, ó thaobh a luach aestéitiúil agus caomhnaithe;
- dearcadh dearfach dá gcultúr, idir chultúr oighreachta agus reatha;
- aitheantas do riachtanas atá ann a bheith cúramach agus beacht i mbailiú agus i dtaifead sonraí;
- aitheantas do ról na mban sa sochaí.

4. **Struchtúr ag Clár an tSiollabais**

4.1 Struchtúr

Struchtúr bíseach atá ar an gcúrsa, ag tosú le saol an duine óig agus ag leathnú amach go dtí an domhan ina bhfuil an duine sin ag cónaí, agus ag anailisiú ansin, cuid de na tosca a bhfuil tionchar acu ar an saol ar an bpláinéad seo. Bogann fócas an staidéir ón bpearsanta go dtí an domhanda. Tá an cúrsa eagraithe thart ar thrí rannóg, a fhreagraíonn de ghnáth do thrí bliana an teastais shóisearaigh:-

Rannóg a 1: Lonnaíocht/Acmhainní:
Rannóg a 2: Daoine ina dtimpeallacht:
Rannóg a 3: Domhan an Lae inniu:

Tá roinnt thopaicí i ngach rannóg atá le staidéar is SUIMH éagsúla. Tá formhór na rannóg seo comónta do na leibhéil - Ghnáth agus Ard. Tá suímh bhreise le déanamh don Ardleibhéal - ar a bhfuil gá le plé níos teibí agus níos ginearálta.

4.2 Clár Eolais

Tá na coincheapanna, na scileanna agus na dearcaí príomha le fáil trí na trí rannóg. Tá an clár eolais tugtha thíos. Tá an liosta topaicí pléite i ngach suíomh.

Rannóg A 1 — Lonnaíocht/Acmhainní

Topaicí: Bia; Fothain; Fuinneamh; Uisce; Eadach.

Suímh:

| Ard agus Gnáthleibhéil |
|---|
| 1. Réamhrá do Lonnaíocht agus d'Acmhainní<br><br>Riachtanais phearsanta agus acmhainní<br>Lonnaíocht áitiúil |
| 2. Eire na Réamh-Chríostaíochta agus ceann díobh seo:<br><br>an tSean-Eigipt<br>an tSean-Róimh<br>an tSean-Chréig<br>na hIncigh |
| 3. Eire na Luath-Chríostaíochta<br><br>agus<br><br>Eire na Lochlannach<br><br>agus<br><br>Eire na Normannach |
| 4. Forbairt Lonnaíocht an lae inniu in Eirinn<br><br>(uirbeach agus tuaithe) |

**Rannóg A 2** **Daoine ina dTimpeallacht Féin**

Topaicí: Iompar; Cumarsáid; Pleanáil; Eagrais Phobail; Ceardchumainn; Fostaíocht; Táirgeadh agus Tomhailt.

Suímh:

| Ard agus Gnáthleibhéil | Suímh bhreise don Ardleibhéal amháin |
|---|---|
| 1. An Réabhlóid Thionscalaíoch sa 19ú Céad<br>Cás-staidéir: in Eirinn, i Sasana agus ar Mhór-roinn na hEorpa. | Cúlra, cúiseanna agus torthaí na Réabhlóide Tionsclaí |
| 2. An Saol i gcathair nua-aimseartha.<br>Cás-staidéir: tír fhorbartha, tír ag forbairt | Uirbiú mar cheist |
| 3. Saol i gceantair thuaithe<br>Cás-staidéir: tír fhorbartha, tír ag forbairt | Teoiricí forbairte sóisialta |
| 4. Tionchar Lonnaíochta ar an Timpeallacht - dearfach agus diúltach. | |

Rannóg A 3 — Domhan an lae inniu

Topaicí: Ceart/Síochain; Cine; Inscne; Talamh.

Súimh:

| Ard agus Gnáthleibhéil | Suímh bhreise don Ardleibhéal amháin |
|---|---|
| 1. Coilíniú agus a thionchar Cás-staidéir ar úinéireacht talún:<br>- plandáil in Eirinn sa 17ú Céad<br>nó<br>- An Bhrasáil sa 20ú Céad | Forbairt agus torthaí an choilínithe<br>- tionchar na plandála sa 17ú Céad ar Eirinn inniu<br>nó<br>- úinéireacht talún sa Bhrasáil agus a tionchar an an gcomhshaol domhanda |
| 2. Coimhlint Cás-staidéir ar choimhlint<br>- An Chéad Chogadh Domhanda<br>nó<br>- An Dara Cogadh Domhanda | Cúis agus toradh comhlinte |
| 3. Ról na hEireann i gcúrsaí idirnáisiúnta<br>- ó 1945 go dtí inniu<br>Cás-staidéir ar bhallraíocht sna NA nó ballraíocht sa CE. | Staidéar ar bhallraíocht na hEireann sna NA agus sa CE/ |

4. Ceisteanna Reatha: Cás-staidéir (don Ard agus don Ghnáthleibhéal)

| A | B |
|---|---|
| imirce | caomhnú |
| comhionannas inscne | an rialtas agus an cathróir |
| teangacha mionlaigh | reiligiúin chomparáideacha |
| pátrúin oibre agus caithimh aimsire | cultúr coitianta |

Ceisteanna Reatha: Staidéar amháin le roghnú as Liosta A i 1994 agus staidéar amháin as Liosta B in 1995 don Ard agus don Ghnáthleibhéal. Gach re bliain a athrófar as sin amach.

5. Modheolaíocht

Eilíonn an siollabas seo cur chuige gníomhach dalta-lárnach. Ba cheart go dtabharfaí deis do scoláirí comhoibriú i bpáirtíocht lena chéile. Ba cheart béim faoi leith a chur ar thaighde ghníomhach, úsáid bunfhoinsí agus ar theicneolaíocht eolais. Taobh istigh den fhráma modheolaíochta seo, beidh deis ag múinteoirí na hábhair is oiriúnaí dá gcuid scoláirí féin a roghnú agus beidh saoirse ag scoláirí aonair staidéir speisialta pearsanta a leanacht taobh istigh den siollabas.

6. Cuspoirí Measúnachta

Ba cheart go mbeadh scoláirí ábalta tuiscint agus eolas a léiriú ar na topaicí atá sna suímh éagsúla, i dtrí rannóg an chúrsa.

Ba cheart go mbeadh scoláirí ábalta:

- o an t-eolas agus an tuiscint seo ar bhunthéamaí an tsiollabais a chur i láthair i scríbhínn, ó bhéal nó don tsúil;
- o téarmaíocht Stairiúil, Tíreolaíoch agus Socheolaíoch a úsáid sa chomhthéacs ceart;
- o obair thaighde a dhéanamh sa pháirc agus sonraí a mheas, a thaifead, a mhiniú agus a chur i láthair;
- o taighde bhunúsach a dhéanamh ar staidéir stairiúil, thireolaíocha agus shóisialta ag úsáid bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha éagsúla;
- o eolas a eagrú go croineolaíoch/go loighiciúil;
- o eolas a chur i láthair trí mhéain éagsúla;
- o tuairisciú na méain chumarsáide ar cheisteanna a bhaineann leis an scoláire a mheas go criticiúil.

7. Leibhéil Dhifriúla

Déanfar an siollabas a mheas ag dhá leibhéal, Gnáth agus Ard. Leithead agus Doimhneacht an ábhair a dhéanfas idirdhealú idir na leibhéil. Féadfar an dá leibhéal a mhúineadh san aon rang, más gá.

8. Modhanna agus Teicnící Measúnachta

Ba cheart go léireodh an measúnú taithí na scéimeanna píolótacha (Eigse agus SESP) ina raibh spriocanna gearrthéarmacha agus aitheantas dearfach do chineálacha éagsúla foghlama.

Usáidfear cinéalacha éagsúla teicnící measúnachta a fhreagrós do na haidhmeanna atá leis an siollabas. D'fhéadfadh a bheith orthu seo:

(i) Scrúdú scríofa ceann cúrsa a úsáidfidh cinealacha éagsúla ceiste.

(ii) Measúnú ar phacáiste - sampla ionadaíoch d'obair an scoláire thar thréimhse ama.

(iii) Béaltriail agus triail éisteachta.

(iv) Tascanna i.e. staidéar páirce, taighde stairiúil.

(v) Tuairiscí a bheadh curtha isteach leis an scrúdú scríofa deiridh.

Is í an luacháil atá molta idir an scrúdú scríofa ceann cúrsa agus teicnící measúnachta eile ná:

Scrúdú Scríofa - 60%

Teicnící Measúnachta eile - 40%